**CC0 1.0 Translation Worksheet**

**Note:** If there is a Europeana translation for your language, please refer to it and note any important differences in your worksheet. Available at http://pro.europeana.eu/support-for-open-data.

| **Original** | **Translation** | **Notes about translation challenges** |
|---|---|---|
| Creative Commons (Creative Commons)<br><br>Note: do not translate parenthetical | (Creative Commons) | |
| Universal<br><br>Note: please coordinate with other jurisdictions in your language on the translation of this term. | Uilíoch | |
| Official translations of this legal tool are available in other languages.<br><br>Note: this is not legal code. | Tá aistriúcháin oifigiúla ar an uirlis dhlíthiúil seo ar fáil i dteangacha eile. | |
| CREATIVE COMMONS CORPORATION IS NOT A LAW FIRM AND DOES NOT PROVIDE LEGAL SERVICES. DISTRIBUTION OF THIS DOCUMENT DOES NOT CREATE AN ATTORNEY-CLIENT RELATIONSHIP. CREATIVE COMMONS PROVIDES THIS INFORMATION ON AN "AS-IS" BASIS. CREATIVE COMMONS MAKES NO WARRANTIES REGARDING THE USE OF THIS DOCUMENT OR THE INFORMATION OR WORKS PROVIDED HEREUNDER, AND DISCLAIMS LIABILITY FOR DAMAGES RESULTING FROM THE USE OF THIS DOCUMENT OR THE INFORMATION OR WORKS PROVIDED HEREUNDER.<br><br>Note: this is not legal code. | NÍ GNÓLACHT DLÍ Í CORPARÁID CREATIVE COMMONS AGUS NÍ SHOLÁTHRAÍONN SÍ SEIRBHÍSÍ DLÍ. NÍ CHRUTHAÍTEAR CAIDREAMH ATURNAE-CLIAINT I gCÁS INA nDÁILTEAR AN DOICIMÉAD SEO. IS AR BHONN “MAR ATÁ” A CHUIREANN CREATIVE COMMONS AN FHAISNÉIS SEO AR FÁIL. Ní DHÉANANN CREATIVE COMMONS AON BHARÁNTA A THABHAIRT MAIDIR LE hÚSÁID AN DOICIMÉID SEO NÓ NA FAISNÉISE NÓ NA SAOTHAR ARNA gCUR AR FÁIL THÍOS, AGUS SÉANANN SÍ AON DLITEANAS I LEITH DAMÁISTÍ A EASCRAÍONN AS ÚSÁID AN | |

| | | |
|---|---|---|
| | DOICIMÉID SEO NÓ NA FAISNÉISE NÓ NA SAOTHAR ARNA gCUR AR FÁIL THÍOS. | |
| Statement of Purpose | Ráiteas faoi Chuspóir | |
| The laws of most jurisdictions throughout the world automatically confer exclusive Copyright and Related Rights (defined below) upon the creator and subsequent owner(s) (each and all, an "owner") of an original work of authorship and/or a database (each, a "Work"). | Tugann dlíthe i bhformhór na ndlínsí ar fud an domhain Cóipcheart eisiach agus Cearta Gaolmhara (arna sainmhíniú thíos) go huathoibríoch don chruthaitheoir agus don úinéir/do na húinéirí dá éis sin (gach uile ceann díobh, "an t-úinéir") ar shaothar bunaidh údarthachta nó ar bhunachar sonraí (gach, "Saothar"). | |
| Certain owners wish to permanently relinquish those rights to a Work for the purpose of contributing to a commons of creative, cultural and scientific works ("Commons") that the public can reliably and without fear of later claims of infringement build upon, modify, incorporate in other works, reuse and redistribute as freely as possible in any form whatsoever and for any purposes, including without limitation commercial purposes. These owners may contribute to the Commons to promote the ideal of a free culture and the further production of creative, cultural and scientific works, or to gain reputation or greater distribution for their Work in part through the use and efforts of others. | Is mian le húinéirí áirithe na cearta sin ar Shaothar a dhiúltú go buan chun cur le coitiantacht saothair chruthaitheacha, chultúrtha agus eolaíocha ("Commons") ar féidir leis an bpobal, le muinín agus gan aon eagla go ndéanfaí éilimh ar sárú, é a fhorbairt, a mhodhnú, a chorprú i saothair eile, a athúsáid agus a athdháileadh ar an mbealach is éasca is féidir i bhfoirm ar bith agus ar mhaithe le cuspóir ar bith, lena n-áirítear cuspóirí tráchtála gan teorannú. D'fhéadfadh na húinéirí sin rannchuidiú leis an Commons chun ídéal an chultúir shaor agus táirgeadh breise ar shaothair chruthaitheacha, chultúrtha agus eolaíocha a chur chun | |

| | | |
|---|---|---|
| | cinn, nó chun clú nó dáileadh níos leithne a ghnóthú dá Saothar go páirteach trí leas a bhaint as daoine eile agus as a gcuid iarrachtaí. | |
| For these and/or other purposes and motivations, and without any expectation of additional consideration or compensation, the person associating CC0 with a Work (the "Affirmer"), to the extent that he or she is an owner of Copyright and Related Rights in the Work, voluntarily elects to apply CC0 to the Work and publicly distribute the Work under its terms, with knowledge of his or her Copyright and Related Rights in the Work and the meaning and intended legal effect of CC0 on those rights. | Maidir leis na cuspóirí agus na dreasachtaí sin nó eile, agus gan aon ionchas go ndéanfaí breithniú breise nó cúiteamh a thabhairt, roghnaíonn an té a cheanglaíonn CC0 le Saothar (an “Dearbhascóir”), a mhéid agus atá sé nó sí ina (h)úinéir ar Chóipcheart agus ar Chearta Gaolmhara i leith an tSaothair, dá d(h)eoin féin, CC0 a fheidhmiú i leith an tSaothair agus an Saothar a dháileadh de réir a théarmaí, agus eolas aige/aici ar a C(h)óipcheart agus ar Chearta Gaolmhara i leith an tSaothair agus ar bhrí agus ar éifeacht dhlíthiúil cheaptha CC0 ar na cearta sin. | |
| **1. Copyright and Related Rights.** | **1. An Cóipcheart agus na Cearta Gaolmhara.** | |
| A Work made available under CC0 may be protected by copyright and related or neighboring rights ("Copyright and Related Rights"). Copyright and Related Rights include, but are not limited to, the following: | Is féidir Saothar arna chur ar fáil faoi CC0 a chosaint faoi chóipcheart agus faoi chearta gaolmhara (“Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara”). San áireamh le Cóipcheart agus le Cearta Gaolmhara, ach gan a bheith teoranta dó, tá an méid a leanas: | |
| i. the right to reproduce, adapt, distribute, perform, display, communicate, and translate a Work; | i. an ceart Saothar a atáirgeadh, a oiriúnú, a dháileadh, a fheidhmiú, a thaispeáint, a chur in | |

| | | |
|---|---|---|
| | iúl, agus a aistriú; | |
| ii. moral rights retained by the original author(s) and/or performer(s); | ii. cearta morálta arna gcoinneáil ag an údar bunaidh/ag na húdair bhunaidh agus/nó ag taibheoir/taibheoirí; | |
| iii. publicity and privacy rights pertaining to a person's image or likeness depicted in a Work; | iii. cearta poiblíochta agus príobháideachais maidir le híomhá nó cosúlacht duine arna léiriú i Saothar; | |
| iv. rights protecting against unfair competition in regards to a Work, subject to the limitations in paragraph 4(a), below; | iv. cearta lena dtugtar cosaint in aghaidh iomaíochas míchothrom maidir le Saothar, faoi réir teorainneacha i mír 4(a), thíos; | |
| v. rights protecting the extraction, dissemination, use and reuse of data in a Work; | v. cearta lena ndéantar sonraí i Saothar a asbhaint, a scaipeadh, a úsáid agus a athúsáid; | |
| vi. database rights (such as those arising under Directive 96/9/EC of the European Parliament and of the Council of 11 March 1996 on the legal protection of databases, and under any national implementation thereof, including any amended or successor version of such directive); and | vi. cearta bunachair shonraí (amhail iad siúd a eascraíonn as Treoir 96/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 1996 maidir le cosaint dhlíthiúil bunachar sonraí, agus as aon chur chun feidhme náisiúnta di, lena n-áirítear aon leagan leasaithe nó comharba den treoir sin); agus | |
| vii. other similar, equivalent or corresponding rights throughout the world based on applicable law or treaty, and any national implementations thereof. | vii. cearta comhchosúla, coibhéiseacha nó comhfhreagracha eile ar fud an domhain bunaithe ar an dlí nó ar an gconradh is infheidhme, agus aon chur chun feidhme náisiúnta díobh. | |
| **2. Waiver.** | **2. An Tarscaoileadh.** | |
| To the greatest extent permitted by, but not in contravention of, applicable law, Affirmer hereby overtly, fully, permanently, irrevocably and unconditionally waives, abandons, and surrenders all of Affirmer's | A mhéid agus a cheadaítear leis an dlí is infheidhme, ach gan an dlí sin a shárú, tarscaoileann, tréigean | |

| | | |
|---|---|---|
| Copyright and Related Rights and associated claims and causes of action, whether now known or unknown (including existing as well as future claims and causes of action), in the Work (i) in all territories worldwide, (ii) for the maximum duration provided by applicable law or treaty (including future time extensions), (iii) in any current or future medium and for any number of copies, and (iv) for any purpose whatsoever, including without limitation commercial, advertising or promotional purposes (the "Waiver"). | agus géilleann an Dearbhascóir leis seo go follasach, go hiomlán, go buan, go neamh-inchúlghairthe agus gan choinníoll gach Cóipcheart mar aon le Cearta Gaolmhara atá ag an Dearbhascóir mar aon le héilimh ghaolmhara agus cúiseanna gníomhaíochta, bídís ar eolas nó anaithid (lena n-áirítear mar aon le héilimh a bheidh ann amach anseo nó cúiseanna gníomhaíochta sa todhchaí), i leith an tSaothair (i) i ngach críoch ar fud an domhain, (ii) ar feadh na huastréimhse a sholáthraítear leis an dlí nó leis an gconradh is infheidhme (lena n-áirítear síntí ama sa todhchaí), (iii) in aon mheán atá ann faoi láthair nó a bheidh ann sa todhchaí agus i leith aon líon cóipeanna, agus (iv) chun aon chríche ar bith, gan teorainneacha tráchtala, fógraíochta ná promóisin san áireamh (an “Tarscaoileadh”). | |
| Affirmer makes the Waiver for the benefit of each member of the public at large and to the detriment of Affirmer's heirs and successors, fully intending that such Waiver shall not be subject to revocation, rescission, cancellation, termination, or any other legal or equitable action to disrupt the quiet enjoyment of the Work by the public as contemplated by Affirmer's express Statement of Purpose. | Déanann an Dearbhascóir an Tarscaoileadh ar mhaithe le gach duine den phobal i gcoitinne agus chun dochar oidhrí agus comharbaí an Dearbhascóra, agus é de rún leis nach mbeidh an Tarscaoileadh sin ina ábhar cúlghairme, cealaithe, foirceanta, ná aon ghníomh | |

| | | |
|---|---|---|
| | dlíthiúil ná cothromasach eile chun cur isteach ar an bpobal úsáid shuaimhneach a bhaint as an Saothar de réir mar atá ceaptha i Sainráiteas Cuspóra an Dearbhascóra. | |
| **3. Public License Fallback.** | **3. An Ceadúnas Poiblí Tacachumais.** | |
| Should any part of the Waiver for any reason be judged legally invalid or ineffective under applicable law, then the Waiver shall be preserved to the maximum extent permitted taking into account Affirmer's express Statement of Purpose. | Má mheastar go bhfuil aon chuid den Tarscaoileadh neamhbhailí nó gan éifeacht ó thaobh an dlí de ar chúis ar bith faoin dlí is infheidhme, sa chás sin caomhnófar an Tarscaoileadh chomh fada agus is incheadaithe agus Sainráiteas Cuspóra an Dearbhascóra á thabhairt san áireamh. | |
| In addition, to the extent the Waiver is so judged Affirmer hereby grants to each affected person a royalty-free, non transferable, non sublicensable, non exclusive, irrevocable and unconditional license to exercise Affirmer's Copyright and Related Rights in the Work (i) in all territories worldwide, (ii) for the maximum duration provided by applicable law or treaty (including future time extensions), (iii) in any current or future medium and for any number of copies, and (iv) for any purpose whatsoever, including without limitation commercial, advertising or promotional purposes (the "License"). | Ina theannta sin, sa mhéid agus go ndéantar an Tarscaoileadh a mheas ar an dóigh sin bronnann an Dearbhascóir ar gach duine lena mbaineann ceadúnas saor ó ríchíos, neamh-inaistrithe, nach féidir é a fhocheadúnú, atá neamheisiach, neamh-inchúlghairthe agus neamhchoinníollach chun Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara an Dearbhascóra i leith an tSaothair a chleachtadh (i) i ngach críoch ar fud an domhain, (ii) ar feadh na huastréimhse a sholáthraítear leis an dlí nó an leis an gconradh is infheidhme (lena n-áirítear síntí ama sa | |

| | | |
|---|---|---|
| | todhchaí), (iii) in aon mheán atá ann faoi láthair nó a bheidh ann sa todhchaí agus i leith aon líon cóipeanna, agus (iv) chun aon chríche ar bith, gan teorainneacha tráchtala, fógraíochta ná promóisin san áireamh (an "Ceadúnas"). | |
| The License shall be deemed effective as of the date CC0 was applied by Affirmer to the Work. Should any part of the License for any reason be judged legally invalid or ineffective under applicable law, such partial invalidity or ineffectiveness shall not invalidate the remainder of the License, and in such case Affirmer hereby affirms that he or she will not (i) exercise any of his or her remaining Copyright and Related Rights in the Work or (ii) assert any associated claims and causes of action with respect to the Work, in either case contrary to Affirmer's express Statement of Purpose. | Measfar go bhfuil an Ceadúnas éifeachtach ón dáta a chuireann an Dearbhascóir CC0 i bhfeidhm i leith an tSaothair. Má mheastar go bhfuil aon chuid den Cheadúnas neamhbhailí nó gan éifeacht ó thaobh an dlí de ar chúis ar bith faoin dlí is infheidhme, ní chuirfidh an neamhbhailíocht ná neamhéifeachtacht i bpáirt sin an chuid eile den Cheadúnas ó bhailíocht, agus sa chás sin dearbhaíonn an Dearbhascóir leis seo nach ndéanfaidh sé nó sí (i) aon chuid dá C(h)óipcheart ná C(h)earta Gaolmhara atá fágtha aige/aici i leith an tSaothair a chleachtadh ná (ii) ní dhéanfaidh sé/sí aon éileamh gaolmhara ná cúis gníomhaíochta i leith an tSaothair, i gceachtar den dá chás más ea go dtiocfadh sé sin salach ar Shainráiteas Cuspóra an Dearbhascóra. | |
| **4. Limitations and Disclaimers.** | **4. Teorannuithe agus Séantaí.** | |
| a. No trademark or patent rights held by Affirmer are waived, abandoned, surrendered, licensed or otherwise affected | a. Ní dhéantar aon trádmharc ná cearta paitinne atá ag an | |

| | | |
|---|---|---|
| by this document. | nDearbhascóir a tharscaoileadh, a thréigean, a ghéilleadh, a cheadúnú mar gheall ar an doiciméad seo agus ní dhéanfaidh sé aon difear eile dóibh mar gheall ar an doiciméad seo. | |
| b. Affirmer offers the Work as-is and makes no representations or warranties of any kind concerning the Work, express, implied, statutory or otherwise, including without limitation warranties of title, merchantability, fitness for a particular purpose, non infringement, or the absence of latent or other defects, accuracy, or the present or absence of errors, whether or not discoverable, all to the greatest extent permissible under applicable law. | b. Tairgeann an Dearbhascóir an Saothar mar atá sé gan aon uiríoll ná baránta de chineál ar bith a thabhairt maidir leis an Saothar, bíodh sé go sainráite, le tuiscint, ar bhonn reachtúil ná eile, lena n-áirítear gan teorannú; barántaí teidil, indíoltacht, oiriúnacht le haghaidh cuspóir ar leith, neamhshárú, nó easnamh fabhtanna bídís neamhfhollas nó de chineál eile, cruinneas, nó láithreacht nó easnamh earráidí, bídís nó ná bídís inbhraite, chomh fada agus atá incheadaithe faoin dlí is infheidhme. | |
| c. Affirmer disclaims responsibility for clearing rights of other persons that may apply to the Work or any use thereof, including without limitation any person's Copyright and Related Rights in the Work. Further, Affirmer disclaims responsibility for obtaining any necessary consents, permissions or other rights required for any use of the Work. | c. Séanann an Dearbhascóir freagracht as cearta daoine eile a bhféadfadh baint a bheith acu leis an Saothar nó le haon úsáid de a réiteach, gan teorainn ar Chóipcheart ná ar Chearta Gaolmhara aon duine i leith an tSaothair san áireamh. Ina theannta sin, séanann an Dearbhascóir freagracht as aon fhormheas, chead nó aon chearta eile a fháil | |

| | | |
|---|---|---|
| | a bhíonn riachtanach maidir le haon úsáid a bhaintear as an Saothar. | |
| d. Affirmer understands and acknowledges that Creative Commons is not a party to this document and has no duty or obligation with respect to this CC0 or use of the Work. | d. Tuigeann agus admhaíonn an Dearbhascóir nach bhfuil an Creative Commons ina pháirtí leis an doiciméad seo agus nach bhfuil aon dualgas ná oibleagáid air maidir leis an CC0 seo nó maidir le húsáid an tSaothair. | |
| Additional languages available: Please read the FAQ for more information about official translations.<br><br>Note: this is not legal code. | Tá tuilleadh teangacha ar fáil: Léigh na Ceisteanna Coitianta le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le haistriúcháin oifigiúla. | |
| Back to Commons Deed<br><br>Note: this is not legal code. | Ar ais chuig Gníomhas Commons | |